*Cricklewood Community Play Association*

*The Annexe, Childs Hill School, Dersingham Road, NW2 1SL*
*Tel : (081) 450 0027*

29 Meitheamh, 1993

M D. Ó hUigín
An tAire Ealaíon, Cultúir
agus Gaeltachta
Bóthar Mepsil
Baile Átha Cliath 4
Éire

A Aire, a Chara,

Ba mhaith liom scríobh chugat thar son an "Cricklewood Community Play Association" i dtaobh an léiriú atá beartaithe againn a dhéanamh ar an úrscéal úd "The Bodhrán Maker" le John B. Keane. Mhol Sally Clarke, rúnaí leis an Tánáiste and an tAire Gnóthaí Eachtracha, Dick Spring, pátrún agus tacatheoir den tionscaineamh dúinn a dhul i dteangabháil leat.

'Sí an fheidhm atá againn ná cóiriú a dhéanamh ar an úrscéal thuasluaite le John B. Keane chun é a chur in oiriúnt don stáitse. Tá sé i gceist againn sa léiriú seo ceiliúradh a dhéanamh ar gach gné a bhaineann leis an tsiamsaíocht. 'Séard a dúirt an Irish Post le deanaí gurb é an tionscaineamh seo "*the biggest ever event of its kind to be staged by the Irish community in this country or, for that matter, in Ireland*" (30.1.93). Tá tacaíocht iomlán an údair, John B. Keane fáite ag an tionscaineamh. Bhí sé fen tuairim ní amháin go raibh an léiriú atá beartaithe againn díreach in oiriúint don téics ach go raibh an foireann léirithe féin sáite sa spiorad a bhain leis. Tá rún ag Gerry Greg scannán faisnéise a dhéanamh bunaithe ar an tionscaineamh. 'Sí an fheidhm fhad-tearmach atá againn ná íomhá dheimhneach de mhuintir na hÉirinn atá lonnaithe sa gcathair seo a chur faoi bhráid an phobail agus ceiliúradh a dhéanamh ar an bpáirt ghníomhach atá á nglacadh acu i saol cultúrtha na cathrach.

Tá dearca bádhúil fáite ar ais ón bpobal againn go dtí seo. D'eagraíomar ceardlanna drámaíochta, ceoil, cóiriú amharclainne, scríobhneoireachta agus damhsa mar chuid den *1993 Brent Arts Festival* a raibh éileamh mór orthu. Tháinig na sluaite ag na céilithe a reachtáil muid mar chuide den fheachtas bailiúchán airgid. Tá ainm an chumann i mbéal an phobail cheana fhéin mar chumann a thugann scoth na gceoltóirí agus na ndamhseoirí, lonnaithe i London le chéile.

Steering Committee : P Baker, A Geaney, B Hourigan, J Hourigan, M Hourigan, K O'Connell, M Quirke, R Rae, E Rudkin, M Ryan, J Wardlaw
Trustees : M Hourigan, Fr M Kennelly, B McCloone, K O'Connell, M Ryan
Patrons : Fr H Haines, K Livingstone MP, J Marshall MP, M Matura, B Mulkere, Federation of Irish Societies

Tá súil againn an dráma a chur ar an stáitse i mí na Nollag 1993. Ba mhaith le muintir an Galtymore cuidiú linn agus tá geallúint fáite againn ón Express Dairy, monarchan atá ar tí dhúnadh i gCricklewood, go mbeadh siad sásta na foirgeantaí agus na h-áiseanna líonmhara atá acu ar an láthair a úsáid. Beidh suas le 250 daoine den phobhal Éireannach ag glacadh páirt sa dráma agus tá súil againn go mbeidh ós cionn 6,000 duine ag freastal ar an dráma an fhad is a bheas sé ar an stáitse um Nollag. Is ar leas an phobail a bheas an tionscaineamh seo, do dhaoine nach bhfuil fáil ná dúil acu sna h-imeachtaí agus na h-ocáidí ealaíona atá le fáil i Londain.

Tá leabhrán eolais curtha isteach agam leis an leitir seo a dhéanann cur síos ar an pbáirt ghníomhach a bheas ag daoine gairmiúla sa tionscaineamh. Tá Peter Cox ar an bhfoireann anois le cóiriú a dhéanamh ar an úrscéal. Tá drámaí de chuid Pheter curtha ar stáitsí an *National Theatre* agus an *Royal Court Theatre* cheanna féin. Gnóthaigh an dráma úd leis "*Up to the Sun and down to the Centre*' an *George Devine Award.* Is duine de scríobhneoirí rialta an chlár telefíse *Brookside* é freisin. Tá an tuiscint aige ar chroí agus ar theanga an bhunthéics agus ina dteannta sin tá cuid mhaith oll-drámaí phobail curtha de cheanna féin ar éirigh thar barr leo.

Tá muid ag déanamh ár seacht mhíle dícheall airgead a bhailiú. Ghnóthaigh muid fhéin ós cionn £4,000 leis na h-imeachtaí éagsúla a d'eagraíomar go dtí seo. Tá ós cionn £18,000 fáite againn ón *London Boroughs Grant Committee* , ó *Brent agus Barnet London Boroughs,* ón *Paul Hamlyn Foundation* agus ón *Lilly Apthorpe Trust.* Bíodh is go bhfuil geallúintí eile airgid fáite againn agus go bhfuil muid ag súil le go leor airgid a dhéanamh nuair a bheas an dráma ar an stáitse, faraoir géar níl dothain airgid againn leis an scéim a chur i gcríoch.

Tá na céadta leitreachaí agus foirmeachaí iarrtais curtha chun bealaigh againn. Tá sé ráite ag gach aon éinne a thug tacaíocht airgid dhúinn go dtí seo nach bhfuil sé ar a gcumas tuile airgid a chur ar fáil. Bhí an *London Borough Grants Committee* ag tairiscint £10,000 dúinn ach toisc an ganntannas airgid atá orthu níorbh fhéidir leo sa deire ach £5,000 a bhronnadh orainn.

Tá díomá orainn leis an bhfreagra atá fáite againn ó lucht gnó Londain go dtí seo, bíodh is go bhfuil scéim ar bun sa tír seo in a dtugann an rialtas an líon céanna airgid is a thugann comhlachtaí gnó le tograí ealaíona a reachtáil. Bíodh sin mar atá tá súil againn fós go n-éireoidh linn uraíocht a fháil ó chomlacht Éireannach amháin idir seo agus an Fómhair.

Tuigeann muid go maith nach fios cé mhéad éileimh agus iarrataisí a chuirtear faoi do bhráid ach toisc an mhór iarracht atá déanta ag an bpobal Éireannach iad fhéin, cheanna fhéin airgead a bhailiú, níl an dara rogha againn ach airgead a iarraidh ortsa freisin. Glacaim buíochas thar cheann na nÉireannach atá lonnaithe in iar-thuaiscirt Londain as ucht cúnaimh ar bith ar féidir leat a thabhairt dhúinn.

Bheadh muid lán sásta ceist ar bith a fhreagairt nó eolas ar bith ar mhaith leat a fháil uainn inár dtaobh a chur chugat.

Tuigimse gur mhór iad na curaimí atá ort agus glacaim buíochas leat as ucht measaracht a dhéanamh ar an iarrtas agus ar an leitir seo.

Is mise le meas

Jacqueline Wardlaw
Baill den Choiste Stiúrtha

**Enc. -**